



FIONTAIR BHEAGA AGUS MHEÁNMHÉIDE

Is micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) iad 99 % de chuideachtaí in AE. Soláthraíonn siad dhá thrían de na poist san earnáil phríobháideach agus cuireann siad le hos cionn leath den breisluach iomlán a chruthaíonn gnólachtaí in AE. Tá glactha le cláir ghníomhaíochta éagsúla chun tacú le FBManna, amhail an tAcht um Ghnólachtaí Beaga, Fís 2020 agus clár COSME. Is é is aidhm leo ná feabhas a chur ar iomaíochas na FBManna trí thaighde agus nuálaíocht, agus rochtain níos fearr ar mhaoiniú a chur ar fáil do FBManna.

AN BUNÚS DLÍ

Feidhmíonn FBManna ar leibhéal náisiúnta go príomha, mar nach bhfuil mórán acu páirteach i ngnó trasteorann laistigh de AE. Ach, taobh amuigh dá raon feidhme, bíonn tionchar ag reachtaíocht AE ar FMBanna i réimsí éagsúla, áfach, réimsí amhail cánachas (Airteagail 110 go 113 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)), iomaíochas (Airteagail 101 go 109 CFAE) agus dlí na gcuideachtaí (ceart bunaíochta — Airteagail 49 go 54 CFAE). Is féidir teacht ar shainmhíniú an Choimisiúin maidir le FMBanna i Moladh 2003/361/CE.

CUSPÓIRÍ

Is micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide iad 99 % de na gnólachtaí uile in AE. In 2015, rinne beagnach 23 mhilliún FBM EUR 3.9 trilliún i mbreisluach a ghiniúint agus d'fhostaigh siad 90 milliún duine, agus iad ina bhfoinse bunriachtanach den spiorad fiontraíochta agus nuálaíochta, atá ríthábhachtach d'iomaíocht chuideachtaí AE. Tá sé mar aidhm le beartas AE do FBManna a áirithiú go mbeidh beartais agus gníomhaíochtaí an Aontais báuil do ghnólachtaí beaga agus go rannchuideoidh siad chun an Eoraip a dhéanamh níos tarraingtí mar áit chun cuideachta a chur ar bun agus gnó a dhéanamh.

A BHFUIL BAINTE AMACH

A. An tAcht um Ghnólachtaí Beaga (SBA)

Is é an Coimisiún a chuir chun cinn an tionscnamh is cuimsithí agus is leithne maidir le FBManna i Meitheamh 2008, i bhfoirm cumarsáid i dtaca leis an Acht um Ghnólachtaí Beaga (SBA) [COM\(2008\) 0394](#). Tá an SBA dírithe ar chreat beartais nua a chruthú ag comhtháthú na n-ionstraimí atá ann cheana agus ag tógáil ar an gCairt Eorpach um Ghnóthais Bheaga agus ar Bheartas FBM Comhaimseartha um Fhás agus Fostaíocht. Glacann sé 'cur chuige comhpháirtíochta polaitiúla le Ballstáit' seachas cur chuige



Comhphobail lánfheidhme a mholadh. Tá sé mar aidhm leis an SBA feabhas a chur ar an gcur chuige ginearálta maidir le fiontraíocht in AE trí 'smaoineamh ar bhearta beaga ar dtús'.

1. Rialáil chliste

Tá sé mar ardhthosaíocht ag an gCoimisiún san SBA gearradh siar ar mhaorlathas. Trí na riaracháin phoiblí a dhéanamh níos freagrúla i dtaobh riachtanas na FBManna, is féidir cuidiú go mór lena bhfás. Foilsíodh Treoir maidir le seirbhísí sa margadh inmheánach (Treoir 2006/123/CE) in 2006 agus chur na Ballstáit AE uile chun feidhme í in 2009.

Is mór an cúnamh do ghnólachtaí beaga iad an Treoir maidir le hÍocaíochtaí Déanacha (a cheanglaíonn ar údarais phoiblí íocaíochtaí a dhéanamh laistigh de 30 lá, a bhíonn mar ráthaíocht slándála ag FBManna) agus an Treoir maidir le r-Shonrascú (a thugann stádas do r-shonraisc atá comhionann le sonraisc ar pháipéar). Ina theannta sin, ciallaíonn an nuachóiriú ar an mbeartas AE um sholáthar poiblí go bhfuil ualaí riaracháin níos éadroime ar FBManna anois agus iad i mbun rochtana ar sholáthar poiblí agus go bhfuil deiseanna níos fearr acu tairiscintí comhpháirteacha a dhéanamh. Leis an gcur chuige céanna déantar simpliú ar na hoibleagáidí a bhaineann le tuairisciú airgeadais agus laghdú ar ualaí riaracháin do FBManna trí nuachóiriú a dhéanamh ar sholáthar poiblí in AE agus ar an Treoir Chuntasaíochta araon (Treoir 2013/34/AE anois).

2. Rochtain ar mhaoiniú

Theip ar mhargaí airgeadais go minic an mhaoiniú a theastaigh ó FBManna a chur ar fáil dóibh. Tá roinnt dul chun cinn déanta le blianta beaga anuas maidir le feabhas a chur ar infhaighteacht maoiniúcháin agus creidmheasa do FBManna tríd iasachtaí, ráthaíochtaí agus caipiteal fiontair a sholáthar. Tá méadú déanta ag na hinstiúidí airgeadais Eorpacha — an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus an Ciste Eorpach Infheistíochta (CEI) — ar a n-oibríochtaí maidir le FBManna.

Sainiúnn an SBA fós, áfach, gurb é rochtain ar mhaoiniú an dara fadhb is mó a bhíonn ag FBManna aonair. I mí na Samhna 2011, mhol an Coimisiún 'plean gníomhaíochta chun rochtain ar mhaoiniú do FBManna a fheabhsú' ([COM\(2011\) 0870](#)). I measc nithe eile, áirítear tionscnaimh bheartais sa phlean gníomhaíochta chun rochtain ar mhargaí caipitil fiontair a éascú do FBManna. Déanann an Coimisiún monatóireacht ar fhorbairtí i rochtain FBManna ar mhaoiniú trí shuirbhé comhpháirteach an Choimisiúin agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh maidir le rochtain ar mhaoiniú d'fhiontair (SAFE).

3. FBManna sa mhargadh aonair

San SBA agus sna teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'I dTreo Gníomh um an Margadh Aonair – do gheilleagar sóisialta margaidh an-iomaíoch' ([COM\(2010\) 0608](#)), agus an 'Gníomh um an Margadh Aonair II' ([COM\(2012\) 0573](#)), cuirtear béim ar an ngá le feabhas leantach ar dhálaí an chreata do ghnólachtaí sa mhargadh aonair. Tá tionscnaimh agus bearta éagsúla ann nó beartaithe chun éascú a dhéanamh ar bhunú agus ar fheidhmiú FBManna sa mhargadh inmheánach. Deonaíodh maoluithe



do FBManna in go leor réimsí, amhail rialacha iomaíochta, cánachas agus dlí na gcuideachtaí.

4. Beartas iomaíochta

Le fada an lá, caitear go fabhrach le FBManna i mbeartas cabhrach stáit an AE agus tugtar aitheantas do na deacrachtaí speisialta a bhíonn os a gcomhair mar gheall ar a méid. In 2014, ghlac an Coimisiún Rialachán Blocdhíolúine Ginearálta (GBER) athbhreithnithe do státchabhair (Rialachán (AE) Uimh. 651/2014). Ceann de na codanna sa nuachóiriú ar státchabhair an AE (SAM) is ea an tsolúbthacht mhéadaithe a thugtar do Bhallstáit chun státchabhair a dheonú gan réamhfhógra ná réamhcheadú ón gCoimisiún, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha ar leith. Ar bhonn an Rialacháin sin, is féidir le FBManna tacaíocht phoiblí suas le EUR 7.5 milliún a fháil.

B. Líonraí AE do FBManna

I measc samplaí de líonraí atá dírithe ar FBManna áirítear, i dtús báire, seirbhísí tacaíochta ginearálta do FBManna in AE, amhail an ‘Líonra Fiontar Eorpach’, ‘SOLVIT’, ‘Your Europe — Business’, ‘FMBanna agus an Comhshaol’ agus ‘Ag Déileáil le Ceimiceáin: Deasca cabhracha náisiúnta REACH’. Ar an dara dul síos, i measc na dtacaíochtaí don nuálaíocht agus taighde, áirítear an ‘Deasc Chabhrach um Chearta Maoine Intleachtúla’, ‘SME Techweb’, ‘China IPR Helpdesk for SMEs’, ‘Líonra (EBN) Lárionad Eorpach um Nuálaíocht agus Gnó (BIC)’, ‘European Workplace Innovation Network’ agus ‘Gate2Growth’.

C. FBManna agus taighde

Tá taighde agus nuálaíocht ríthábhachtach do rath agus d’fhás inbhuanaithe na FBManna in AE. Tá an clár Fís 2020 don tréimhse 2014-2020 dírithe ar thimpeallacht tacaíochta níos fearr agus níos cuimsithí a chruthú do ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta na FBManna. Le tacar aonair rialacha ba cheart go mbainfí amach simpliú ollmhór. Mar chuid den chur chuige seo, spreagtar FBManna le bheith rannpháirteach trí ‘ionstraim shonrach FBM’ nua a bhfuil sé mar aidhm léi na bearnaí a líonadh i maoiniú do thaighde agus nuálaíocht luathchéime, ardriosca ag FBManna.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil measúnú eatramhach ar Fhís 2020 ina cheanglas éigeantach faoin rialachán lenar bunaíodh Fís 2020. Sa chumarsáid ([COM\(2018\) 0002](#)) maidir le meastóireacht eatramhach ar Fhís 2020, scrúdaítear roinnt feabhsúchán a d’fhéadfaí a dhéanamh ar an gcur chun feidhme, chomh maith le bonn daingean fianaise a sholáthar do dhearadh gníomhaíochtaí agus tionscnaimh amach anseo. Go deimhin, úsáidfear na torthaí chun bonn a leagan síos do struchtúr agus d’inneachar an FP9, a bheidh mar ábhar ag togra atá le foilsiú i Meitheamh 2018.

Ina theannta sin, tá feabhas a chur ar iomaíocht FBManna ar cheann de 11 chuspóir théamacha don Bheartas Comhtháthaithe don tréimhse 2014-2020. Déanfar infheistíochtaí breise in FBManna freisin faoi na cuspóirí téamacha eile, go háirithe taighde agus nuálaíocht, an geilleagar ísealcharbóin agus teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide.



D. Clár le haghaidh Iomaíochas Fiontar agus FBManna (COSME)

I mí na Nollag 2013, glacadh Rialachán (AE) Uimh. 1287/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lenar bunaíodh Clár um Iomaíochas na bhFiontar agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (COSME) don tréimhse 2014-2020. Le buiséad beartaithe de EUR 2.3 billiún thar an tréimhse 2014-2020, saothraítear na cuspóirí ginearálta seo a leanas le COSME:

- Rochtain ar mhaoiniú do FBManna a fheabhsú i bhfoirm cothromas agus fiachas: saoráid cothromais d'infheistíocht i gcéim an fháis, agus saoráid ráthaíochta iasachta a sholáthróidh socruithe díreacha nó socruithe roinnte riosca eile do FBManna le hidirghabhálaithe airgeadais chun iasachtaí a chumhdach. leithdháiltear EUR 1.3 billiún de bhuiséad COSME ar ionstraimí airgeadais;
- D'fhonn rochtain ar mhargaí a fheabhsú laistigh den Aontas agus ar an leibhéal domhanda araon: soláthrófar seirbhísí tacaíochta gnó dírithe ar fhás tríd an Líonra Fiontar Eorpach chun fairsingiú gnó a éascú sa mhargadh aonair agus lasmuigh de AE araon;
- D'fhonn fiontraíocht a chur chun cinn: i measc na ngníomhaíochtaí áireofar forbairt a dhéanamh ar scileanna agus ar mheon na fiontraíochta, go háirithe i measc fiontraíthe nua, daoine óga agus na mban.

De réir an Choimisiúin, táthar ag súil go ndéanfaidh an clár, ar bhonn bliantúil, cuidiú chun 39 000 cuideachta a chruthú nó 29 500 post a shábháil agus 900 táirge, seirbhís nó próiseas gnó nua a sheoladh faoi 2020.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Chomh fada siar le 1983, d'fhógair an Pharlaimint 'Bliain na bhFiontar Beag agus Meánmhéide agus na Tionscal Ceirde' agus sheol sí sraith tionscnamh chun a bhforbairt a spreagadh. Ó shin i leith, tá a tiomantas i leith forbairt FBManna Eorpacha a spreagadh léirithe go leanúnach ag an bParlaimint. Mar shampla:

- I Meitheamh 2010, ghlac an Pharlaimint [rún](#) maidir le beartas nuálaíochta Comhphobail i ndomhan atá ag athrú^[1]. Sa rún sin, cuireann sí béim ar an ngá le coinníollacha a chruthú faoina mbeadh caipiteal riosca ar fáil níos éasca do FBManna. Iarrann sí go ndéanfaí forbairt ar uirlisí maoinithe FBM, amhail micrichreidmheas, caipiteal fiontair do dhaoine atá ag iarraidh infheistíocht a dhéanamh i bhfiontair nuálacha agus 'aingil chothromais' chun urraíocht a dhéanamh ar thionscadail ghnó ag taighdeoirí óga. Iarrann sí freisin go gcruthódh na Ballstáit agus an Coimisiún dreasachtaí cánach, maoinithe, gnó agus riaracháin don infheistíocht.
- I Márta 2011, ghlac an Pharlaimint [rún](#) maidir le beartas tionsclaíoch do ré an domhandaithe^[2]. I measc nithe eile, iarrann sí ar an gCoimisiún dul ar aghaidh le cur chun feidhme an SBA chun ualaí riaracháin a laghdú agus rochtain ar dheiseanna maoinithe níos fearr a áirithiú do FBManna. Iarrtar ann freisin go

[1] IO C 236 E, 12.8.2011, lch. 41.

[2] IO C 199 E, 7.7.2012, lch. 131.



ndéanfaí nuashonrú ar shainmhíniú FBManna, ag féachaint le solúbthacht níos mó a bheith ar fáil in earnálacha tionsclaíocha sonracha. Thairis sin, áitíonn sí ar an gCoimisiún méadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht FBManna sna creatchláir le haghaidh taighde agus forbartha.

- I mí Bealtaine 2011, ghlac an Pharlaimint [rún](#) maidir leis an Athbhreithniú ar an Acht um Ghnólachtaí Beaga^[3]. Sa rún sin, i measc nithe eile, iarrann an Pharlaimint ar na Ballstáit an togra deiridh atá fágtha maidir leis an Reacht um Chuideachta Phríobháideach Eorpach a ghlacadh. Cuireann sí béim freisin ar an imní atá uirthi nár cuireadh an tástáil FBM i bhfeidhm go cuí agus go leanúnach sna tograí reachtacha nua uile, go háirithe ar an leibhéal náisiúnta. Ina theannta sin, tugann sí rabhadh do na Ballstáit maidir le ‘hór-phlátáil’ trí dhul thar cheanglais reachtaíocht an AE agus teoracha á dtrasú ina ndlí náisiúnta.
- I mí Dheireadh Fómhair 2012, ghlac an Pharlaimint [rún](#) dar teideal ‘Fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna): iomaíochas agus deiseanna gnó’^[4]. Sa rún sin, aibhsíonn sí roinnt réimsí, lena n-áirítear laghdú ar ualaí riaracháin, tacaíocht don iomaíochas agus do chruthú post, seoladh gnólachtaí nuathionscanta agus rochtain ar fhaisnéis agus ar mhaoiniú.
- I mí Eanáir 2014, ghlac an Pharlaimint [rún](#) maidir le tionscal a chur ar bun san Eoraip arís chun iomaíochas agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn^[5], ag cur béim ar thábhacht na FBManna i ngeilleagar AE agus ag iarraidh tacaíocht agus cúnamh ar leith do FBManna.
- I Meán Fómhair 2016, ghlac an Pharlaimint [rún](#) maidir le rochtain ar mhaoiniú do FBManna agus méadú a dhéanamh ar éagsúlacht an mhaoinithe do FBManna in Aontas na Margaí Caipitil^[6].
- I mí Iúil 2017, ghlac an Pharlaimint [rún](#) maidir le stráitéis tionsclaíochta uailmhianach AE a thógáil mar thosaíocht straitéiseach don fhás, don fhostaíocht agus don nuálaíocht san Eoraip ([2017/2732\(RSP\)](#))^[7].

Frédéric Gouardères
05/2019

[3]IO C 377 E, 7.12.2012, Ich. 102.

[4]IO C 68E, 7.3.2014, Ich. 40.

[5]IO C 482, 23.12.2016, Ich. 89.

[6]Téacsanna a glacadh, [P8_TA\(2016\)0358](#).

[7]Téacsanna a glacadh, [P8_TA\(2017\)0305](#).

